AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2020
SWD(2020) 239 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013

{COM(2020) 673 final} - {SEC(2020) 360 final} - {SWD(2020) 237 final} - {SWD(2020) 238 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair ar an tionscnamh um Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Le go mbeidh sreabhadh réidh trádála trasteorann ann, tá gá le nósanna imeachta éifeachtúla maidir le himréiteach custaim agus rialú, lena n-áiritheofar sláinte agus sábháilteacht na ndaoine agus na ngnólachtaí san Aontas Eorpach. Baintear sin amach go páirteach trí chórais leictreonacha atá sainordaithe i gCód Custaim an Aontais, lena gcuirtear nósanna imeachta páipéarbhunaithe in ionad nósanna imeachta leictreonacha. Mar sin féin, ní mór breis agus 60 gníomh neamhchustaim de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith le reachtaíocht náisiúnta neamhchustaim (maidir le sláinte agus sábháilteacht, leis an gcomhshaol, le talmhaíocht, le hiascaigh, le hoidhreacht idirnáisiúnta, le faireachas margaidh, etc.) a fhorfheidhmiú ag teorainneacha seachtracha freisin. Éilítear leis sin doiciméid nach dearbhuithe custaim iad agus déanann siad difear do suas le 13 % de na 300 milliún gluaiseacht earraí in aghaidh na bliana, gluaiseachtaí atá an-íogair i gcás cuid mhaith díobh. Ó tharla gur minic a oibríonn údaráis i sadhlanna, agus próisis agus córais nach bhfuil ailínithe acu, láimhseáiltear roinnt earraí i mbealaí atá neamhéifeachtúil agus fabhrach d'earráid nó calaois. Mar shampla, le roinnt údaruithe, ceadaítear cainníochtaí earraí a roinnt idir iliomad dearbhuithe custaim agus tá siad bailí ar fud Aontais Eorpaigh. Cé gur gá d'údaráis na cainníochtaí a úsáideadh a bhailíochtú, tá na seiceálacha láimhe fadálach agus níl siad cruinn go leor. Ní féidir na fadhbanna sin a réiteach gan gníomhaíocht nua ón Aontas Eorpach, ar an ábhar go mbaineann siad i bpáirt le foirmiúlachtaí an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis sin, is minic go ndéantar iarrachtaí náisiúnta go neamhchórasach agus d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh siad leis an bhfadhb de dheasca an easpa idir-inoibritheachta agus chineál trasteorann na trádála. I dtaca le CSW-CERTEX AE, an tionscnamh is ábhartha de chuid an Choimisiúin sa réimse sin, d'éirigh leis go pointe áirithe ach feidhmíonn sé ar bhonn deonach amháin agus níl ach raon feidhme teoranta aige.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is é is cuspóir ginearálta dó feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na gceanglas rialála le go mbeidh cosaint fheabhsaithe don Aontas Eorpach agus chun trádáil idirnáisiúnta a éascú. D'fhonn an cuspóir sin a chomhlíonadh, déanfaidh an tionscnamh:

- creat rialachais a shainiú le go mbeidh comhar feabhsaithe idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta agus réitigh idir-inoibritheachta a fhorbairt i gcás ina rachadh sé chun tairbhe agus i gcás inarb iomchuí;
- feabhas a chur ar an gcleachtas oibre idir na húdaráis rialála a bhfuil baint acu le trádáil idirnáisiúnta chun próisis atá níos uathoibríche, leictreonaí agus comhtháite a chumasú chun déileáil leis an imréiteach earraí;
- creat maidir le comhchuibhiú sonraí a chinneadh agus athúsáid sonraí a chumasú chun foirmiúlachtaí éagsúla a éilíonn na húdaráis chustaim agus neamhchustaim le haghaidh trádáil idirnáisiúnta.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Is fadhbanna trasnáisiúnta iad na fadhbanna a sainaithníodh toisc go mbaineann siad le gluaiseacht trasteorann earraí, agus is féidir tionchar a bheith ag aon earráid nó calaois atá á dhéanamh i mBallstát aonair ar fud an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise fhreagracht an Aontais Eorpaigh i leith an Aontais Chustaim agus i leith na gceanglas rialála neamhchustaim atá i gceist, is maith mar atá sé in ann gníomhaíocht a chomhordú, aghaidh a thabhairt ar ilroinnt agus barainneachtaí scála a chruthú. Léiríodh nach leor gníomhaíocht atá ann cheana agus gníomhaíocht a bhfuiltear ag súil leis ar na cúiseanna seo a leanas: (i) chuirfeadh ilroinnt leanúnach/easpa idir-inoibritheachta teorainn leis na tairbhí a bhaineann le digitiú agus nuachóiriú de réir a chéile; (ii) is beag tionscnamh náisiúnta a bheadh ann mar gheall ar shrianta acmhainní, agus ní cheadófaí leo príomhfheidhmeanna áirithe, amhail bainistiú cainníochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh; agus (iii) ní bheadh an borradh céanna faoi CSW-CERTEX AE (tionscnamh deonach), mura mbeadh gníomhaíocht éigeantach ina dhiaidh.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Sainaithníodh ocht rogha beartais. Ní liosta iad sin óna bhféadfaí rogha aonair a roghnú, ach tagann siad faoi thrí chatagóir leathana, a d'fhéadfaí a phacáistiú chun rogha beartais a dhéanamh amach anseo:

- Catagóir I (roghanna 1-4; meascán de roghanna féideartha): roghanna le haghaidh comhar idir rialtais a d'fhágfadh go mbeadh sé níos éasca do chustam agus d'údaráis inniúla chomhpháirtíochta faisnéis a roinnt. Tá raon feidhme éagsúil ag gach rogha. Le rogha 1, tá CSW-CERTEX AE éigeantach agus cumhdaítear inti ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a bhainistítear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, rud a chuireann feidhmiúlacht bainistíochta cainníochta uathoibríoch ar fáil. Le rogha 2, cumhdaítear ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a bhainistítear i gcórais náisiúnta leictreonacha. Le rogha 3, cumhdaítear ceanglais rialála, agus le rogha 4, cumhdaítear doiciméid tríú tír.
- Catagóir II (roghanna 5-7; níl ach rogha amháin féideartha ann): roghanna le haghaidh comhar idir gnólachtaí agus rialtais atá dírithe ar fheabhas a chur ar idirghníomhaíochtaí na n-oibreoirí eacnamaíocha leis na húdaráis. Le Rogha 5, bunaítear tairseach comhchuibhithe le haghaidh trádálaithe maidir le bainistíocht teastas an Aontais Eorpaigh. Bunaítear le Rogha 6 ionaid ilfhreastail ar an leibhéal náisiúnta chun pointí rochtana comhchuibhithe a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha. Le rogha 7, cuirtear pointe iontrála aonair ar bun ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

- Catagóir III (rogha 8): rogha thrasghearrtha chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a sainaithníonn na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta oibreoirí eacnamaíocha. Bheadh sé ag brath ar an úsáid leathnaithe den chóras cláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíochta (EORI) atá ann cheana, le haghaidh clárúchán agus bailíochtú (8i) nó le haghaidh bailíochtú, agus sin amháin (8ii).

coinníodh roghanna 1, 2, 6, 7 agus 8ii le haghaidh mionanailíse bunaithe ar chleachtadh scagtha. Sainaithníodh san anailís tionchair go raibh tionchair den chineál céanna ann i gcás na roghanna uile. Leis an tionchar eacnamaíoch díreach, d'aireofaí costais chur chun feidhme aonuaire agus costais athfhillteacha, agus coigiltis ó ualach riaracháin laghdaithe le haghaidh na n-údarás custam, na n-údarás inniúil comhpháirtíochta agus na n-oibreoirí eacnamaíocha, agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh á forfheidhmiú acu agus iad ag déileáil le himréiteach earraí. Bhainfí roinnt tairbhí trádála amach freisin (tairbhí nach féidir a chainníochtú). Tríd an gcomhar a fheabhsú agus an chomhroinnt faisnéise idir na húdaráis atá freagrach as imréiteach earraí a éascú, d'fhéadfaí feabhas a chur ar na próisis a bhaineann leis an mbainistiú riosca agus laghdófaí cásanna calaoise agus earráide daonna freisin. Dá réir sin, chruthófaí comhlíonadh agus forfheidhmiú níos fearr maidir leis an reachtaíocht neamhchustaim, agus tairbhí sóisialta agus comhshaoil gaolmhara.

Cuireadh pacáistí éagsúla roghanna i gcomparáid lena chéile i dtaca le héifeachtacht (i.e. Ceanglais rialála ábhartha a fhorfheidhmiú agus trádáil a éascú), le héifeachtúlacht, le comhleanúnachas le beartais eile agus le comhréireacht chun an rogha tosaíochta a shainaithint. Léiríodh leis sin go raibh na tairbhí is mó indéanta ó phacáistí lena n-áirítear roghanna chatagóir I agus chatagóir II amháin, agus go gcuireann rogha 8(ii) go hincriminteach le haon phacáiste. Measadh go raibh Rogha 1 agus Rogha 6 cost-éifeachtach, comhleanúnach agus comhréireach, agus bhí fadhbanna móra ag baint le roghanna 2 agus 7 (go háirithe) i dtaca leis sin. Dá bhrí sin, is é rogha 1+ 6+ 8(ii) an pacáiste tosaíochta.

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Le linn an chomhairliúcháin chuimsithigh, léirigh na Ballstáit agus na hoibreoirí eacnamaíocha na tuairimí seo a leanas:

- Rogha 1: tacaíocht d'aon toil, nach mór, bunaithe ar an toradh rathúil a bhí ag réamhtheachtaí CSW-CERTEX AE, tairbhí tábhachtacha a bhfuiltear ag súil leo agus costais chur chun feidhme atá measartha teoranta.
- Rogha 2: tacaíocht theoranta amháin, mar gheall ar a castacht agus ar a costais chur chun feidhme, agus tairbhí teoranta.
- Rogha 6: ó thacaíocht mheasartha go tacaíocht láidir. Ba mhór ag oibreoirí eacnamaíocha an cumas atá inti trádáil a éascú trí choincheap iomlán an ionaid ilfhreastail a chur i gcrích trí phointe rochtana aonair a sholáthar chun déileáil le ceanglais imréitigh.
- Rogha 7: tacaíocht an-teoranta mar gheall ar a castacht agus a costais arda. Bhí dearcadh dearfach ag oibreoirí eacnamaíocha maidir leis an gcumas atá inti próisis chustaim a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú ar fud an Aontais Eorpaigh.
- Rogha 8(ii): cé go bhfuil sé teoranta ó thaobh raon feidhme de, tacaíocht ó bheagnach gach páirtí leasmhar mar bhealach chun próisis a chuíchóiriú.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Tá roinnt tairbhí coibhneasta ag baint leis an bpacáiste beartais tosaíochta de roghanna 1+6+8ii. Fuair an rogha sin an leibhéal is airde tacaíochta ó pháirtithe leasmhara. Táthar ag súil go gcruthófar tairbhí eacnamaíocha díreacha suntasacha, idir EUR 209.4 milliún go dtí EUR 311.5 milliún in aghaidh na bliana san iomlán agus a luaithe iad a bheith ag feidhmiú go hiomlán (i.e. tar éis cur chun feidhme céimnithe thar seacht mbliana). Cé go bhfuil an tairbhe eacnamaíoch iomlán níos lú ná i gcás na bpacáistí rogha is fairsinge, tá luach airgid phacáiste na rogha tosaíochta beagnach 1.5 uair níos airde, rud a léiríonn an chomhréireacht a bhaineann leis. Tá sin sa bhreis ar thairbhí trádála níos leithne ar dócha go mbeidh suntasach ach nach bhféadfaí a chainníochtú. Maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí, leis an bpacáiste seo, thabharfaí le chéile tairbhí móra a bhaineann le rogha 1 le gnóthachain bhreise ón gcomhchuibhiú sonraí méadaithe agus as an idir-inoibritheacht a bhfuiltear ag súil leis ó rogha 6, chomh maith leis na tairbhí incriminteacha ó rogha 8(ii) chun feabhas a chur ar aitheantas oibreoirí eacnamaíochta. Ní bheadh ach tairbhí beaga amháin tarscaoilte i gcás nach gcuirtear rogha 2 san áireamh. Go ginearálta, is féidir a rá go mbaineann an pacáiste seo an tairbhe is mó is féidir as cumas an Aontais Eorpaigh chun bheith ag gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh choincheap an ionaid ilfhreastail, lena gcuirtear creat ar fáil chun beartais de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus comhréireach, agus lena léirítear luach ar airgead.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

An Coimisiún Eorpach, údaráis náisiúnta, a íocfaidh na costais chur chun feidhme aonuaire agus athfhillteacha. I measc na gcostas cur chun feidhme, tá caiteachas TF, bainistiú athruithe próisis, oiliúint agus tacaíocht, agus táthar ag súil go ndéanfar iad a chéimniú thar thréimhse 7 bliana. Níos déanaí, áireofar sna costais athfhillteacha cothabháil, nuashonruithe tréimhsiúla, tacaíocht agus oibríochta ó lá go lá. Is iad na costais mheasta (in EUR milliún, raonta ísle agus arda seachas costais CE):

Iomlán le haghaidh cur chun feidhme de réir a chéile blianta 1-7	CE	64,73	Iomlán bliantúil nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán, ó bhliain 8 ar aghaidh	CE	6,35
	Iomlán údarás na mBallstát	64.38 go dtí 127.73		Iomlán údarás na mBallstát	5.91 go dtí 11.75
	Iomlán	129.11 go dtí 192.46		Iomlán	12.26 go dtí 18.10

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Bíonn tionchar ag na príomhfhadhbanna ar ghnólachtaí, go háirithe ar FBManna, agus dá bhrí sin, leis an tionscnamh

dírítear ar thrádáil a éascú agus ar ualaí riaracháin a laghdú, go háirithe trí am a shábháil agus trí imréiteach a dhéanamh níos simplí agus níos uathoibrithe. Meastar go mbeadh sochair idir EUR 494.1 milliún agus EUR 688.4 milliún ann do na hoibreoirí eacnamaíocha le linn na seacht mbliana den chur chun feidhme céimnithe, agus go mbeadh sochair bhliantúla idir EUR 141.2 milliún agus EUR 196.7 milliún ina dhiaidh sin, de bhreis ar na sochair trádála nach bhféadfaí a chainníochtú. Ó tharla nach mbeidh ar ghnólachtaí trealamh nua a cheannach nó próisis nua a ghlacadh go tapa, meastar go bhfuil na costais diomaibhseach.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Baineann an tionscnamh leas as acmhainn an Choimisiúin chun barainneachtaí scála a chruthú. Tá costais shuntasacha ar riaracháin, áfach, i dtéarmaí caiteachais ar chrua-earraí agus bogearraí TF, ar bhainistiú athruithe próisis, ar oiliúint agus ar thacaíocht, mar a shonraítear thuas.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Léirigh comhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara agus scrúdú a rinneadh ar thionscnaimh chomhchosúla i mBallstáit eile nach raibh aon tionchar acu seachas an tionchar a sainaithníodh. Cé go bhféadfadh saincheisteanna maidir le cosaint agus slándáil sonraí na n-oibreoirí eacnamaíocha teacht chun cinn, tabharfar aghaidh orthu sin faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh.

D. Iarobair

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Forbraíodh pleananna rialta faireacháin agus meastóireachta tréimhsiúla. Braithfidh pleananna rialta faireacháin ar fhoinsí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (táirgí insoláthartha agus staitisticí TF, mar shampla) agus ar an leibhéal náisiúnta (sonraí maidir le hamanna réitigh, mar shampla). Déanfar an mheastóireacht sé bliana tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.